Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

Ábhar:

RIALÚCHÁIN TUAIRISCITHE DALTA 2009

Uimhir Chiorcláin:

2009/15

Date of Issue:

11 Samhain 2009

Sprioclucht:

- Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí i ngach scoil dheontaschúnta; Boird Oideachais agus Leabharlainne;
- Boird Oideachais agus Leabharlainne;
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil;
- Comhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe;
- Comhairle na Gaelscolaíochta;
- Comhairle Oideachas Imeasctha Thuaisceart Éireann ; agus

Ceardchumainn na Múinteoirí.

Feasacht Gobharnóirí:
Riachtanach

Stádas an Ábhair:
Comhairle i ndiaidh reachtaíochta

Doiciméid Ghaolmhara:
Ciorcláin na RO 2007/10 agus 2008/27
R.R. 2007 Uimh. 43
R.R. 2009 Uimh. 231

Achoimre ar Ábhar:
Sa Chiorclán seo tugtar fógra go bhfuil Rialúcháin (Tuaisceart Éireann) Oideachais (Tuairisciú Dalta) 2009 i bhfeidhm anois, agus déantar achoimre ann ar na riachtanais do scoileanna i dtaca le tuairisciú chuig tuismitheoirí de ón scoilbhliain 2009/10 ar aghaidh.

Doiciméid Cealaithe:

Ní bhaineann

Dáta Éaga:

Ní bhaineann

Fiosrúcháin:
Ba chóir aon fhiosrúchán faoi ábhar an Chiorcláin seo a chur chuig:

Julie Craig
Foireann Measúnaithe agus Cáilíochtaí
An Roinn Oideachais
Teach Rathgael
Bóthar Balloo
BEANNCHAR
BT19 7PR

Suíomh gréasáin ROTÉ:
http://www.deni.gov.uk

Guthán: 028 9127 9565
Facs: 028 9127 9100

Réamheolas

1. Is í feidhm an Chiorcláin seo a chur in iúl do scoileanna agus d'fhorais chomhpháirtíochta gur tháinig Rialúcháin (Tuaisceart Éireann) Oideachais (Tuairisciú Dalta) – Rialúcháin 2009 –i bhfeidhm ar 1 Deireadh Fómhair 2009, agus le hachoimre a dhéanamh ar na riachtanais do scoileanna i dtaca le tuairisciú chuig tuismitheoirí de ón scoilbhliain 2009/10 ar aghaidh. Ba chóir do scoileanna na Rialúcháin a fhiosrú leis na riachtanais mhionsonraithe a fháil.

2. Cúlghaireann Rialúcháin 2009 forálacha tuairiscithe (rialúcháin 5 go 8) Rialúcháin (Tuaisceart Éireann) Oideachais (Taifid Daltaí agus Tuairisciú) (Idirthréimhseach) 2007 , is féidir a aimsiú trí: http://www.opsi.gov.uk/sr/sr2007/nisr_20070043_en_1 agus tá siad le n-úsáid in áit na bhforálacha sin.

3. Leagann Rialúcháin 2009 amach na riachtanais do scoileanna i dtaca le tuairisciú chuig tuismitheoirí de agus:
   (a) an t-eolas a chaithfear a sholáthar ar bhonn bliantúil;
   (b) eolas breise atá le soláthar i ndeireadh eochairchéimeanna 1, 2 agus 3; agus
   (c) eolas breise atá le soláthar i ndeireadh eochairchéim 2; i ndeireadh eochairchéim 4, agus i ndeireadh na séú bliana.

4. Cuireann na Rialúcháin san áireamh an t-aiseolas a fuarthas ón chomhairliúchán ar na dréacht-Rialúcháin, ar a n-áirítear an téacs á shimpliú, agus athbhreithnithe ar na riachtanais tuairiscithe i ndeireadh eochairchéimeanna 1, 2 agus 3. Is féidir na Rialúcháin a aimsiú trí: http://www.opsi.gov.uk/sr/sr2009/nisr_20090231_en_1

Go Ginearálta

5. Baineann na Rialúcháin le gach scoil dheontaschúnta seachas naíscoileanna ach ní bhaineann siad le daltaí atá faoi bhun aois éigeantach scoile i mbunscoil nó i scoil speisialta.

6. Ní mór do scoileanna tuairisciú chuig tuismitheoirí faoi 30ú Meitheamh gach

bliain. Caithfidh an príomhoide an tuairisc bhliantúil a shíniú agus caithfidh ainm na scoile a bheith uirthi**.** I gcás mar a bhfaigheann an príomhoide in aon scoilbhliain eolas ar thorthaí scrúduithe nó ar thorthaí measúnaithe i ndiaidh 30ú Meitheamh, ní mór an t-eolas seo a thabhairt do thuismitheoirí an dalta a luaithe agus is féidir.

Tuairisciú bliantúil

7. **I gcás daltaí sa Bhonnchéim go hEochairchéim 4** ní mór do scoileanna measúnú ar dhul chun cinn a bpáiste a thabhairt do thuismitheoirí i dtaca le:

- Cumarsáid (a ngnóthachtáil sa réimse foghlama Teanga & Litearthacht á cur san áireamh);

- Úsáid na Matamatice (a ngnóthachtáil sa réimse foghlama Matamaitic agus Uimhearthacht á cur san áireamh); agus

- Sonraí gearra ar ghnóthachtáil an pháiste i dtaca le:
  - Gach ceann de na réimsí foghlama a bhaineann le daltaí san eochairchéim i gceist;
  - Úsáid TFC;
  - Scileanna Eile (Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta)[1]
  - Oideachas Reiligiúnach (roghnach);
  - Spéiseanna agus láidreachtaí an dalta;
  - Fócas le haghaidh forbartha.

8. Más mian le scoil na “Scileanna Eile” a chur isteach leis an tuairisciú ar na réimsí foghlama, tá cead aici seo a dhéanamh ar an choinníoll go gclúdaítear go sonrach iad agus gur léir do thuismitheoirí cé acu cuid de nótaí tráchta an mhúinteora a bhaineann le scileanna smaointeoireachta agus le hábaltachtaí pearsanta. Ar an dóigh chéanna, tá an tsolúbhtacht ag scoileanna go fóill eolas breise a chur isteach (torthaí trialacha ranga, mar shampla) má tá sé ina chuidiú ag tuismitheoirí.

[1] Ag Eochairchéimeanna 1-3 ar na Scileanna Eile tá: Faisnéis á Bainistiú; Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht; Bheith Cruthaitheach; Ag Obair le Daoine Eile ; agus Féinbhainistiú. Ag Eochairchéim 4, cuirtear Fadhbréiteach, Féinbhainistiú agus Ag Obair le Daoine Eile san áireamh.

9. I gcás mar a ngnóthaíonn dalta cáilíocht, bronnadh nó teastas, ar a n-áirítear creidiúint i leith cáilíochta, caithfear é seo a chur sa tuairisc.

10. **I gcás daltaí sa séú bliain** caithfidh scoileanna iad seo a leanas a sholáthar do thuismitheoirí:

    - Eolas ar cháilíocht, bhronnadh nó theastas, ar a n-áirítear creidiúint i leith cáilíochta, atá gnóthaithe ag an dalta. (San eolas seo ní mór ainm na cáilíochta, an bhronnta nó an teastais, an toradh is airde agus an bhliain a gnóthaíodh é a lua.); agus

    - Sonraí gearra ar ghnóthachtáil an dalta i réimse foghlama nó i ngníomhaíocht ar bith atá mar chuid dá c(h)uraclam.

11. Má tá díolúine ag páiste **in aon bhliain ar bith** ó aon chuid ar bith den churaclam nó de shocruithe measúnaithe, caithfear é seo a chur in iúl sa tuairisc bhliantúil.

12. Tá cead ag Gaelscoileanna tuairisciú chuig tuismitheoirí i nGaeilge nó i mBéarla.

Formáid na dTuairiscí

13. I ndiaidh don Roinn aiseolas a fháil ón mheasúnú ar Phróifíl Dalta a rinne CCEA, shocraigh sí gan formáid ar leith don tuairisciú bliantúil chuig tuismitheoirí a fhorordú sna Rialúcháin. Ní mór do scoileanna, áfach, tuairisciú go seasta agus i gcomhréir leis na riachtanais reachtaíochta agus ba chóir dóibh a chinntiú, beag beann ar an fhormáid a úsáidtear, go dtugann tuairiscí eolas soiléir lánbhrí do thuismitheoirí ar dhul chun cinn a bpáiste.

14. Agus scoileanna ag cinneadh fhormáid na tuairisce chuig tuismitheoirí, ba chóir dóibh a chur san áireamh ualach oibre an mhúinteora agus a thábhachtaí atá sé go seachnófar maorlathas agus coimpléascacht nach gá. Leis an obair a éascú do scoileanna, tá naisc le teimpléid mholta don tuairisc bhliantúil do gach ceann de na hEochairchéimeanna ábhartha ar fáil i ndeireadh an chiorcláin seo agus moltar do scoileanna na teimpléid seo a úsáid.

15. Agus an tuairisc bhliantúil á comhlánú ag scoileanna, tig leo a shocrú cé acu a úsáidfidh siad uirlis leictreonach leis an tuairisc a scríobh nó nach n-úsáidfidh. Is faoin scoil féin a shocrú chomh maith an mbainfidh sí úsáid as na bainc de nótaí tráchta a cuireadh le chéile chun tacú leis an churaclam athbhreithnithe – tá siad seo roghnach. Leanfaidh CCEA agus C2k (agus, nuair a bhunófar é, ÚSO(ESA)) orthu ag soláthar deasc cabhrach, tacaíochta agus oiliúna, ar a n-áirítear ábhair tacaíochta ar líne.

Tuairisciú i ndeireadh eochairchéimeanna 1, 2 agus 3

16. De bhreis ar na riachtanais a bhaineann le tuairisciú bliantúil, éilíonn na Rialúcháin ar scoileanna go gcuirfidh siad in iúl do thuismitheoirí a bhfuil a bpáiste sa bhliain dheiridh d'eochairchéim 1, 2 nó 3 an leibhéal dul chun cinn atá gnóthaithe ag an pháiste i gceann ar bith de na scileanna traschuraclaim de Chumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC a ndearnadh measúnú ar an pháiste ann; agus eolas ar na leibhéil a mbeifí ag súil leo i ndeireadh eochairchéime agus ar leibhéil atá gnóthaithe ag an pháiste ar scoil i gcoitinne.

17. Cuireadh in iúl do scoileanna cheana féin nach mbeidh an Roinn ag tabhairt isteach leibhéil dul chun cinn sa scoilbhliain 2009/10 agus nach dtabharfar isteach an measúnú i dtaca le hÚsáid TFC de ach go dtí an bhliain i ndiaidh don mheasúnú i dtaca le Cumarsáid agus le hÚsáid na Matamaitice a bheith tugtha isteach. Tá gá leis an mhoill seo lena chinntiú go mbeidh pleanáil éifeachtach ann lena chur i bhfeidhm, ar a n-áirítear an oiliúint do mhuinteoirí agus do phríomhoidí a dhearadh agus a sholáthar agus na hábhair tacaíochta agus an treoir a bheidh ar fáil do scoileanna. Mar a cuireadh in iúl do scoileanna cheana, caithfidh socruithe foirmiúla idirthréimhseacha a bheith i bhfeidhm le measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar fheidhmíocht sa litearthacht agus san uimhearthacht i ndeireadh gach eochairchéime – i scoileanna ag leibhéal an dalta agus ag leibhéal ranga/bliainghrúpa agus, sa Roinn, ag leibhéal an chórais.

18. Go dtí go mbeidh an córas réidh Leibhéil nua Dul Chun Cinn a chur i bhfeidhm, agus a mheas ina leith chun tacú leis an churaclam athbhreithnithe, caithfear go fóill measúnú a dhéanamhi ndeireadh gach eochairchéime i leith leibhéil an chur síos atá ann faoi láthair i ndeireadh eochairchéime maidir le Teanga &

Litearthacht (Béarla agus/nó Gaeilge de réir mar is cuí i nGaelscoileanna) agus maidir le Matamaitic & Uimhearthacht (Matamaitic). Leanfaidh CCEA air ag soláthar aonaid measúnaithe agus trialacha do na scoileanna sin ar mhaith leo iad a úsáid. Tuigtear don Roinn nach bhfuil sé seo foirfe̜ach creideann sí gur céim idirthréimhseach riachtanach é seo agus an córas ag ullmhú go dtabharfar isteach Leibhéil Dul Chun Cinn sa Chumarsáid, i Matamaitic á hÚsáid agus i TFC á hÚsáid.

19. Lena chinntiú go bhfaighidh tuismitheoirí eolas deireadh eochairchéime ar a bpáiste sa scoilbhliain 2009/10, tá rún ag an Roinn socruithe foirmiúla a chur i bhfeidhm go luath sa dóigh go dtuairisceoidh scoileanna do thuismitheoirí i dtéarmaí an leibhéil atá gnóthaithe ag a bpáiste i leith leibhéil an chur síos atá ann faoi láthair i ndeireadh eochairchéime maidir le Teanga & Litearthacht (Béarla agus/nó Gaeilge de réir mar is cuí i nGaelscoileanna) agus maidir le Matamaitic & Uimhearthacht (Matamaitic). Fágfaidh na socruithe seo chomh maith go mbeidh ar scoileanna ráiteas a sholáthar do thuismitheoirí i dtaca le:

    - an leibhéal ionchais i dTeanga & Litearthacht (Béarla agus/nó Gaeilge) agus Matamaitic & Uimhearthacht (Matamaitic) le haghaidh daltaí sa bhliain dheiridh den eochairchéim ábhartha; agus

    - céatadán na ndaltaí sa bhliain dheiridh den eochairchéim sin sa scoil agus a ghnóthaíonn: gach leibhéal; an leibhéal ionchais nó os a chionn; nó atá ag obair i dtreo an leibhéil ach nach bhfuil sé gnóthaithe go fóill acu; agus, a bhfuil díolúine ó mheasúnú acu sa leibhéal sin.

    Sa chás a bhfuil díolúine ag a bpáiste ó aon chuid de na socruithe measúnaithe, caithfear an t-eolas seo a sholáthar do thuismitheoirí.

20. Is ionann an cineál eolais seo agus an t-eolas a bheidh de dhíth le haghaidh Leibhéil Dul Chun Cinn. Scríobhfaidh an Roinn chuig scoileanna faoi mhionsonraí na riachtanas idirthréimhseach seo arna dtabhairt isteach go foirmiúil. Beidh treoir mhionsonraithe ar na socruithe measúnaithe á foilsiú ag CCEA agus cuirfear í seo ar fáil do scoileanna.

21. Caithfidh scoileanna go fóill féin na torthaí measúnaithe do dhaltaí i mBlianta

4, 7 agus 10 i dTeanga & Litearthacht (Béarla agus/nó Gaeilge) agus i Matamaitic & Uimhearthacht (Matamaitic) a chur chuig CCEA/ÚSO gach bliain.

Eolas suimitheach á thuairisciú sna blianta deiridh d'eochairchéim 2, d'eochairchéim 4 agus sa séú bliain.

22. Seo Taifead Gnóthachtála an bhunoideachais agus Comhad Dul Chun Cinn an iar-bhunoideachais. Ní mór de scoileanna a chinntiú go gcuirfear isteach an t-eolas seo a leanas de bhreis ar an eolas a bheidh sa tuairisc bhliantúil:

- aon cháilíocht, bronnadh nó teastas atá gnóthaithe ag dalta, ar a n-áirítear aon chreidiúint i leith cáilíochta a fuair dalta ón scoil, nó ar son na scoile trí sholáthraí eile, ar a n-áirítear scoil eile nó coláiste breisoideachais. San eolas seo ní mór ainm na cáilíochta, an bhronnta nó an teastais, an toradh is airde agus an bhliain a gnóthaíodh é a lua;

- sonraí gearra ar aon chumann, club nó gníomhaíocht scoile a raibh an dalta páirteach ann, agus i scoil eile san áireamh; agus

- aon phost a bhí ag nó aon fhreagracht a bhí ar an dalta sa scoil nó in aon cheann de na clubanna nó gníomhaíochtaí thuasluaite.

Taifead Múnlaitheach ar Dhul Chun Cinn agus Ghnóthachtáil

23. An t-aiseolas a fuarthas ón chomhairlúchán ar na dréacht-Rialúcháin, chuir sé in iúl go raibh a thuilleadh oibre le déanamh le míniú a thabhairt ar an raon atá ag an taifead múnlaitheach ar dhul chun cinn agus ghnóthachtáil i dtaca le cúrsaí tuairiscithe de. D'iarr an Roinn ar CCEA, mar sin, an obair bhreise sin a dhéanamh, ar a n-áirítear a dhul i gcomhairle le príomhoidí lena chinntiú gur ar dhearcaí na scoileanna a bhunófar an riachtanas reachtúil atá le cur i bhfeidhm; go léireoidh sé comhthuiscint ar a bhfuil i gceist le taifead múnlaitheach; agus gur féidir é a chur i bhfeidhm i scoileanna. Críochnófar an obair seo go luath amach anseo, agus déanfaidh an Roinn a thuilleadh Rialúchán ansin i dtaobh an ábhair seo. Go dtí sin, beidh an chuid eile de na

forálacha (rialúcháin 1-4 agus 9-14) de Rialúcháin (Tuaisceart Éireann) Oideachais (Taifid Daltaí agus Tuairisciú) (Idirthréimhseach) 2007 i bhfeidhm go fóill i dtaca leis an taifead múnlaitheach ar dhul chun cinn agus ghnóthachtáil de, ar a n-áirítear na forálacha a bhaineann le cothabháil taifid daltaí agus á gcur ar aghaidh chuig scoil eile.

Naisc le teimpléid mholta don tuairisc bhliantúil do gach ceann de na hEochairchéimeanna ábhartha

24. Bonnchéim, KS 1 agus KS 2 athbhreithnithe, tá teimpléid is féidir íoslódáil ar fáil anois ar: www.nicurriculum.org.uk
Tá CCEA faoi láthair ag athbhreithniú formáidí eiseamláire tuairisce, chomh maith le formáidí sonracha tuairisce dheireadh Eochairchéime agus tá beartaithe acu go mbeidh formáidí ar fáil ar a suíomh gréasáin go luath amach anseo.

Bonnchéim formáidí don tuairisc bhliantúil:
http://www.nicurriculum.org.uk/foundation stage/reporting/annual.asp

Eochairchéimeanna 1& 2 formáidí don tuairisc bhliantúil:
http://www.nicurriculum.org.uk/key stages 1 and 2/reporting/annual report.asp

Eochairchéim 3 formáidí don tuairisc bhliantúil:
http://www.nicurriculum.org.uk/key stages 3/reporting/annual report.asp



BRIAN MORROW
Foireann Measúnaithe & Cáilíochtaí